Eagrán : Márta 2019

Gaelscoil Thaobh na Coille

11/03/2019

NUACHTLITIR

# Gaelscoil Thaobh na Coille

Beatha Teanga í a Labhairt

## Seachtain na Gaeilge - Úsáid do chuid Gaeilge




A Thuismitheoirí,

Rinne sibh cinneadh bhúr bpáistí a sheoladh ag gaelscoil. Cinneadh mór ba ea í sin, go speisialta daoibhse nach raibh aon taithí pearsanta agaibh ar an nGaeilge nó ar an nGaelscolaíocht. Tá ag éirí go hiontach le bhúr bpáistí sa scoil agus an Ghaeilge ar a dtoil acu. Creidim freisin go bhfuil meas acu ar an nGaeilge & ar an gcultúr ghaelach as a dtagann siad.

Impím oraibh a thuismitheoirí bhúr gcuid Gaeilge a úsáid nuair a thagann sibh ar scoil ar maidin leis na páistí, nuair a bhailíonn sibh iad um thráthnóna agus nuair a bhíonn sibh ag seasamh ag clabaireacht le chéile sa chlós & thart timpeall na scoile. Déan bhúr ndícheal cibé méid Gaeilge atá agaibh a úsáid. Níor cheart go labharfaí nó go gcloisfí tuismitheoir ar bith ag labhairt Béarla istigh sa scoil.

Ní cheartóidh éinne tú muna bhfuil do chuid Gaeilge cruinn ACH ceartófar sibh má cloistear sibh ag spalpadh béarla thart timpeall na scoile. Bíonn bhúr bpáistí an-bhródúil asaibh nuair a chloiseann siad sibh ag labhairt i nGaeilge. Oibrimís le chéile chun feabhas a chur ar úsaid na Gaeilge i measc na dtuismitheoirí.

*You decided to send your children to a Gaelscoil. That was a big decision, especially for those of you who had little or no personal experience of Gaeilge or Gaelscoileanna. Your children are doing very well in the school and are fluent in Irish. Not only that but I believe they have a really positive interest and respect for the language and the Irish culture from which they come.*




*I implore all parents to please use whatever Gaeilge you have when you bring your children to school in the morning, when you collect them in the afternoon, when you in the school or chatting with your friends in the yard or around the school. Please make every effort to use whatever Gaeilge you have even if you just use 'cúpla focal as Gaeilge' in each sentence. Support & help each other. No parent should be heard speaking English in the school building.*

*No one will correct you if your Gaeilge is grammatically incorrect HOWEVER you will be reprimanded if you are heard 'ag clabaireacht as Béarla' around the school! Let's work together to improve the use of Gaeilge amongst the tuismitheoirí.*

## Gaeilge sa Cheantair - Úsáid do chuid Gaeilge lasmuigh den Scoil




Tá iarracht á dhéanamh againn i rith Seachtain na Gaeilge i mbliana labhairt na Gaeilge a thógaint lasmuigh de gheataí na scoile agus í a bheith le cloisteáil thart timpeall ar Bheallairmín, An Chéim agus sa cheantair máguaird. Táimid ag iarraidh oraibh frásaí bunúsacha agus beannachtaí ar nós 'Dia Dhuit', 'Go raibh maith agat', 'Slán Leat' srl. a úsáid mar gnáthcuid de bhúr gcomhrá laethúil lena chéile, le comhleacaithe, siopadóirí, dochtúirí, freastalaithe nó éinne eile lena mbuaileann sibh sa chéad coicís eile. Is bealach an-shimplí agus an-éifeachtach é seo leis an nGaeilge a chur i mbéal an phobail agus cuirfidh sé ionadh ort cé chomh dearfach is a bheidh daoine faoi seo.

*This year during Seachtain na Gaeilge we are focusing on bringing the speaking of Gaeilge beyond the school gates and out into the local community in Belarmine, Stepaside and beyond. We are asking you to use simple phrases such as 'Dia Dhuit', 'Go raibh maith agat', 'Slán Leat' etc in your everyday communication with each others, with colleagues, shopkeepers, doctors or anyone you meet over the next fortnight. It's such a simple but effective way of getting people to use some Gaeilge and you will be really surprised by the positive response it will receive.*





## Comórtas Póstaeir

Ghlac daltaí ranganna a 3 go 6 páirt i gcomórtas scoile chun póstaeir a dhearadh do na siopaí áitiúla anseo i mBeallairmín agus sa Chéim. Bhí siopadóirí agus lucht ghnó sa cheantar thar a bheith sásta a gcuid a dhéanamh leis an nGaeilge a chur chun cinn do Sheachtain na Gaeilge. Tá na póstaeir le feiceáil ar crochadh i bhfuinneoga na siopaí. Coinnigh súil ghéar amach dóibh.

*We held a poster competition for the pupils of rang a 3 to rang a 6 in which they had to design a poster for shops & businesses in Belarmine and Stepaside. The local business owners were more than happy to get involved & do their bit for Seachtain na Gaeilge by displaying our posters in their shop windows. The winning posters can be seen in shop windows in the locality. Keep an eye out for them.*


*Seo a leanas liosta na mbuaiteoirí:*

**R3A Bialann Borza**
Róisín Nic Lochlainn
Ellie Nic Eoin-Ní Mhurchú
Lola Ní Mhurchú
Ava Nic Dháibhí
**R3B Bialann Quattro**
Alex Ó Draighneáin
Tríona Nic Riocaird
**R4A Bialann Fire & Stone**
Clíodhna Ní Dhonnchú
Ailbhe Nic Pháidín
**R4B Siopa Éisc George's Fish Shop**
Matilda Ní Chadáin & Emma Ní Chathasaigh
Sophie Ní Chaollaí, Emilie Nic Riobaird & Ella de Róiste
Dara Ó Craidhn & Leon Ó Dúill
Abaigh Ní Dhuibhir, Keelin Ní Dhuibhir, Mia de Paor
**R5A Níochtlainnín Laundry Room**
Ciara Ní Bhroin
Chloe Ní Fhéich
**R5A Cogaslann Belarmine Pharmacy**
Sarah Ní Nualláin
**R5B Gruagaire Thairapy**
Aoife Ní Ghiobaláin, Erin Ní Sceallaigh, Isabelle Ní Dhiollúin
Niamh Ní Uaithne & Aoibhinn Ní Mheachair
**R5B Siopa Búistéara Flemings**
Kate Ní Cheallaigh & Thuan Nic Dhuinnshléibhe
Alan Ó Máirtín & Mark Ó Tnúthail
**R6A Siopa Grósaeireachta Fresh**
Áine Ní Chíobháin
Ciara Ní Dhubhthaigh
Jack Ó Ciardubháin
**R6A Cogaslann Mulveys**
Fionn Ó hUallaigh
**R6B Siopa Torthaí & Glasraí Simply Fresh**
Cathal Ó Craidhn
Charlie Ní Shomacháin
**R6B Siopa Grósaeireachta Centra**
Ciara Ní Dhubhthaigh


















Is féidir na póstaeir ar fad le feicsint ar shuíomh ghréasáin na scoile www.taobhnacoille.ie : Imeachtaí - Comórtas Póstaeir

*All winning posters can be viewed on our school website www.taobhnacoille.ie : Events - Poster Competition*

## Córfhéile na mBunscoileanna - Banna Ceoil Scoile



Tá cultúr ceoil breá láidir i nGaelscoil Thaobh na Coille le blianta anuas a bhuíochas leis na múinteoirí éagsúla atá ag múineadh sa scoil a bhfuil an-ghrá agus tallainn acu sa cheol. Ar an gCéadaoin seo chaite an 6ú Márta, sheinn buachaillí agus cailíní ó R4 go R6, ar stáitse san Ionad Náisiúnta Cispheile i dTamhlacht don fhéile ceoil do bhunscoileanna, Córfhéile. Sheinn an grúpa ceoil ceithre fhonn traidisiúnta i bhfoirm chóirithe le réimse leathan uirlisí, sin iad: an fheadóg stáin, an fheadóg mhór, na píobaí uilleann, an fhidil, an bosca ceoil agus an consairtín. Sheinneadar go han-mhaith ar fad agus táimid an-bhródúil go deo as an díogras agus an dua atá le feiceáil  sna ceoltóirí óga seo.

*Since the very beginning traditional music has been an integral part of the culture of Gaelscoil Thaobh na Coille thanks to the wonderfully talented teacher-musicians we have on staff. On Wednesday the 6$^{th}$ of March the girls and boys from R4 to R6 took to the stage in the National Basketball Arena in Tallaght for Córfhéile, a music festival for primary school children. The banna ceoil played 4 traditional tunes arranged for a wide range of instruments, that included: tin whistles, flutes, uileann pipes, fiddles, button accordions and concertinas. The children played beautifully and we are extremely proud of the diligence and hard work the children put into their music. Well done to all.*

Míle buíochas to all the múinteoirí who work with the banna ceoil on an ongoing basis. Is iad siúd: An Múinteoir Colm Ó Coisdealbha, An Múinteoir Clíodhna Ní Leocháin, An Múinteoir Eavan Ní Mhuirgheasa, An Múinteoir Richeal Ní Thiarnaigh & An Múinteoir Tomás Mac Uileagóid.

## Céilí Mór na Féile Pádraig

**Céilí Teaghlaigh : *Family Céilí***
Rince, Ceol & Craic
**Dé hAoine 22 Márta : *Friday 22 March***
i Halla na Scoile
**6pm – 8pm**
Costas €5 an teaghlach : *€5 per family*
***Bígí Ann!!***
Caithfidh duine fásta a bheith in éineacht leis na leanaí
*Children must be accompanied by an adult*






Scoil dúnta ar an Aoine 24 Bealtaine 2019 mar go mbeidh an scoil in úsáid mar láthair vótála logánta do na toghacháin atá le teacht.  Níl an dáta seo luaite ar an bhféilire scoile.

School closed on Friday May 24th 2019 as the school will be used as a local voting centre for the upcoming elections. This school closure is not indicated on the school calendar.

## Cór Náisiúnta na nÓg

Beidh daltaí R5 agus R6 ag canadh i gceolchoirm Cór Náisiúnta na nÓg (cór le os cionn 500 páiste) sa Lárionad Náisiúnta Chispheile i dTamhlacht ag a 8.00pm ar an gCéadaoin 27 Márta 2019. Canfaidh siad réimse leathan 15 amhrán ó 'Ave Maria' le Bach go 'Starman' le David Bowie. Táimíd ag súil go mór le han-oíche ceoil.



## Tionscnamh Tógála

Tá tionscnamh mór tógála ar láimh ag Bord Bainistíochta na scoile faoi láthair. Ceadaíodh deontas don scoil an bhliain seo chaite le seomra ranga amháin bhreise a thógáil don scoil. Tá sé i gceist an seomra seo a thógáil chun tosaigh ar an scoil in aice le seomraí ranga N1A & N1B. Tá cead pleanála faighte agus beimíd ag iarraidh conraitheoirí a mhealladh le hiarratais a chur isteach ar an dtionscnamh tógála seo gan mhoill. Táimid ag súil go mbeidh gach rud in ord ionas go mbeimíd in ann tús a chur leis an tógáil i mí Iúil nuair atá an scoil dúnta do shaoire an tsamhraidh. Ciallóidh sé seo go mbeidh R2B in ann filleadh ar a seomra ranga féin thíos staighre agus go mbeidh úsáid ag an scoil arís as an 'leabharlann' thuas staighre.

## Comhgháirdeachas

Comhghairdeachas ollmhór le hAlice Sincléir ó R4B a bhain an chéad áit amach sa chomórtas léimt ard (faoi 12) i gComórtais Lúthchleasaíochta Taobh Istigh Bhaile Átha Cliath i mí Feabhra.



## Glantachán an Earraigh 2019

Lainseáil Sarah McGovern ambasadóir *National Spring Clean* & daltaí ó R4B Feachtas Náisiúnta Glantacháin an Earraigh 2019 trí iarraidh ar shaoláraithe agus grúpaí pobail ó cheann ceann na tíre clárú le feachtas frithbhruscair na bliana seo. Iarrtar ar ghrúpaí pobail tabhairt faoi ghlantachán earraigh a dhéanamh ina gceantar féin i rith mí Aibreán. Tá sé i gceist againn clárú mar scoil le glantachán a dhéanamh i gcomharsanacht na scoile.

## National Children's Choir

*The pupils from R5 & R6 will be singing in the National Children's Choir, Dublin Regional Concert in the National Basketball Arena Tallaght on Wednesday the 27th of March at 8 o'clock. They will sing a wide repertoire of 15 songs ranging from Bach's 'Ave Marie' to David Bowie's 'Starman'. We look forward to a great evening of music & song.*

## Building Project

*The Board of Management is working on a big building project at present. Grant approval was received last year for the construction of 1 extra classroom for the school. The planned location for this new classroom is to the front of the school alongside the current N1A & N1B classrooms. Planning permission has been granted and we will soon be undertaking the process of advertising for applicants to tender for the job. It is hoped that everything will be in order in time for the work to start in July 2019 when the school is closed for the summer holidays. Having this classroom will mean that R2B will be able to get back to their own classroom and the school will regain the use of the 'library' upstairs.*

## Congratulations

*A huge congratulations to Alice Sincléir from R4B who won the high jump (u12) competition at the Dublin Indoor Championships in early February. Maith thú a Alice!*

## National Spring Clean 2019

*National Spring Clean ambassador Sarah McGovern and pupils from R4B launched the National Spring Clean 2019 with a nationwide call to volunteers and communities across Ireland to register for this year's anti-litter campaign. Throughout the month of April, The National Spring Clean will encourage communities from across Ireland to tackle the problem of litter in local areas. We plan to do our bit by registering to do a clean up in the vicinity of the school.*



